Foras na Gaeilge

Samhail Nua Mhaoinithe

Doiciméad Comhairliúcháin
Márta 2011

Athbhreithniú ar na hEagrais Bhunmhaoinithe – Samhail Nua Mhaoinithe

Foras na Gaeilge
www.forasnagaeilge.ie

Giorrúcháin:

FnaG	**Foras na Gaeilge**
NSMC	**North South Ministerial Council**
CATT	**Comhairle Aireachta Thuaidh Theas**
RCEF	**An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta**
RGPCG	**An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta**
ETE	**Eagraíocht den Tríú hEarnáil (eagraíochtaí pobail agus deonacha atá státmhaoinithe)**

Cuid 1 Intreoir

Cuspóir an Chomhairliúcháin

Is é is aidhm don doiciméad comhairliúcháin seo tuairimí a lorg ar Shamhail Nua Mhaoinithe Fhoras na Gaeilge do na hEagraíochtaí Bunmhaoinithe.

Athbhreithniú is ea an tSamhail Nua Mhaoinithe ar straitéis mhaoinithe reatha Fhoras na Gaeilge maidir le hobair na 19 n-eagraíocht bhunmhaoinithe a fhaigheann tacaíocht ó Fhoras.

Tugann an doiciméad comhairliúcháin seo eolas cúlra do dhaoine a bhfuiltear ag dul i gcomhairle leo maidir leis an staid reatha, an réasúnaíocht leis an athbhreithniú agus moltaí maidir le todhchaí na straitéise.

Ba mhór le Foras na Gaeilge scéala a fháil ón oiread daoine agus is féidir sa chomhairliúchán seo. Chun cuidiú leis an bpróiseas comhairliúcháin seo tugtar thíos anseo breac-chuntas ar mholtaí Fhoras na Gaeilge maidir leis an straitéis athbhreithnithe. Ina dhiaidh sin tá ceisteanna ar mhór le Foras na Gaeilge tú iad a fhreagairt.

Freagairt don chomhairliúchán

Is féidir ceistneoirí comhlánaithe a chur de ríomhphost nó de phost chuig an gComhardaitheoir Freagairtí thíos ar dháta nach déanaí ná 14 Meitheamh 2011

Tá cóipeanna den doiciméad comhairliúcháin ar fáil ar láithreán Idirlín Fhoras na Gaeilge http://www.gaeilge.ie/Samhail
Is féidir cóipeanna crua a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an gComhordaitheoir Freagairtí.

Séan Ó Cearnaigh
Comhordaitheoir Freagairtí
Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Tel + 3531 6398400
Rphost: eolas@forasnagaeilge.ie

Foilseoidh **Foras na Gaeilge** achoimre de na freagairtí tar éis chríoch an phróisis chomhairliúcháin. Más fearr leat go bpléifear le do fhreagraí faoi rún, inis dúinn le do thoil, **ag sonrú go soiléir na bhfáthanna atá agat**. Glacfar leis nach mbaineann aon séanadh uathoibríoch a ghineann do chóras ríomhaireachta le fáisnéis i do fhreagra, ach amháin le fáisnéis ar iarradh rúndacht ina leith go sonrach.

Má iarrtar orainn freagraí a nochtadh faoin gCód Cleachtais ar Shaoráil Faisnéise do na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Tourism Ireland, cuirfimid aon iarratas ar rúndacht san áireamh. Ní féidir, ámh, ráthaíocht a thabhairt i dtaca le rúndacht.

Láimhseálfaimid go cuí aon sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil de réir reachtaíochta a bhaineann le Cosaint Sonraí.

le tuilleadh eolais ar rúndacht freagairtí a fháil, téigh i dteagmháil, le do thoil, le hOifig an Choimisinéara Faisnéise nó féach an láithreán Idirlín ag: www.informationcommissioner.gov.uk,

Cuspóir agus comhthéacs.

Tá sé mar aidhm ag an athbhreithniú ar eagraíochtaí bunmhaoinithe ná a chinntiú go go bhfeabhsaítear an bealach ina gcuirtear i gcrích seirbhísí do phobal na Gaeilge, chomh maith leo siúd a thacaíonn leis an teanga, ar fud oileán na hÉireann agus, ag an am céanna, luach níos fearr ar airgead a chinntiú.

Tá faoi láthair 19 n-eagras ann a fhaigheann bunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge, 12 cheann acu lonnaithe in Éirinn (É) agus 7 gcinn acu lonnaithe i dTuaisceart Éireann (TÉ).

Feidhmíonn na heagrais bhunmhaoinithe reatha sna mór-réimsí seo a leanas:

- Abhcóideacht - Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge (É), Conradh na Gaeilge (É), Pobal (TÉ), Iontaobhas Ultach (TÉ), Comhaltas Uladh (TÉ).
- Oideachas - Comhar na Múinteoirí Gaeilge (É), Forbairt Naíonraí Teo. (É), Gaelscoileanna (É), Altram (TÉ), An tÁisaonad (TÉ).
- Cumasú Pobail – Glór na nGael (É), Forbairt Feirste (TÉ).
- Tacaíocht Teaghlaigh - Comhluadar (É).
- Ógra – Cumann na bhFiann (É), Gael-Linn (É).
- Ealaíona – Oireachtas na Gaeilge (É), An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta (É).
- Raidió – Raidió na Life (É), Raidió Fáilte (TÉ).

Clár ama:

Moltar go mbeidh na socruithe nua maoinithe i bhfeidhm ar 01.01.2012. 10 seachtaine is ea an tréimhse chomhairliúcháin. Is é an dáta deiridh le freagairtí a fháil ná 4.00pm ar 14 Meitheamh 2011.

Is cóir aon iarratas ar shíneadh a chur leis an tréimhse chomhairliúcháin a dhéanamh i scríbhinn chuig an gcomhordaitheoir freagairtí agus is cóir a shonrú cad chuige a bhfuil an síneadh ag teastáil.

Cúrsaí Comhionannais:

Faoi Alt 75 den *NI Act* 1998, is gá d'údaráis phoiblí aird mar is cuí a thabhairt don ghá comhionannas deiseanna a chur chun cinn:

- idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, grúpa cine, aois, stádas pósta nó claonadh gnéis dóibh;
- idir fir agus mná i gcoitinne;
- idir daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil; agus
- idir daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Chomh maith leis an dualgas seo, is gá d'údaráis phoiblí aird mar is cuí a thabhairt don inmhianaitheacht caidreamh maith a chothú idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine. Is aidhm do na dualgais seo a chinntiú go ndéantar machnamh cúramach ar chúrsaí comhionannais agus dea-chaidrimh mar chuid den phróiseas forbartha polasaí.

Tá déanta amach ag RCEF nach dteastaíonn Measúnacht Tionchair Chomhionannais iomlán ó na moltaí a chuirtear chun tosaigh sa pháipéar seo. Is é dearcadh na Roinne nach mbeadh tionchar díobhálach ag na moltaí seo ar aon cheann de chatagóirí comhionannais alt 75 agus nach mbeadh caidreamh feabhsaithe pobail ann de thoradh na moltaí a athrú. Tá an beart scagthástála tionchair chomhionannais ar fáil ar láithreán Idirlín na Roinne ag http://dcal.intranet.nigov.net.

Cuid 2 Cúlra

In Aibreán 2008 thosaigh Bord Fhoras na Gaeilge athbhreithniú seachtrach ar 19 n-eagraíocht Ghaeilge bhunmhaoinithe – naoi n-eagraíocht déag den tríú hearnáil. Ina dhiaidh seo, ag a chruinniú in Eanáir 2009, shocraigh an CATT mar phríomhthosaíocht airí go gcríochnófaí an t-athbhreithniú seo go luath in 2009, d'fhonn sochair shuntasacha a bhaint amach maidir le luach ar airgead agus cur i gcrích éifeachtach dhualgais reachtúla Fhoras na Gaeilge.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú le linn 2009 agus baineadh an tátal as go raibh roinnt roghanna éagsúla ann d'Fhoras na Gaeilge maidir le bainistiú straitéiseach na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe a chur chun cinn, eadhon, an status quo a choinneáil, cur chuige na seirbhíse roinnte a ghlacadh, na feidhmeanna a chur de láimh go hinmheánach nó trí thosaíochtaí straitéiseacha a leagan síos.

Ag a chruinniú i mí na Nollag 2009, d'aontaigh an CATT gur chóir bunmhaoiniú earnáil dheonach na Gaeilge a athchumrú trí iarratais ar mhaoiniú a iarraidh

d'eagraíocht amháin nó do líon teoranta eagraíochtaí a bhfuil ról acu don earnáil ina iomláine a bhaineann le hionadaíocht, scaipeadh eolais, soláthar acmhainní agus tacaíochta, agus abhcóideacht agus, ag leibhéal níos ísle, ó ghrúpaí a bhfuil cur chuige comhtháite acu i leith chur chun cinn na Gaeilge, ar a n-áirítear bheith ag obair i réimsí a bhaineann leis an bpobal, le teaghlaigh, le hoideachas agus leis an ógra. Aontaíodh, chomh maith, nach ndéanfar athnuachan ar shocruithe reatha maidir le bunmhaoiniú ar bhonn bliantúil de réir mar a théann na socruithe sin in éag, agus go gcuirfí na socruithe nua i bhfeidhm faoi lár 2010. Is cóir go gcinnteoidh an t-athchumrú seo go mbeidh bealach níos éasca agus níos costéifeachtúla ann chun bogadh chun tosaigh, ag cinntiú i rith an ama go bhfuil socruithe cuí rialachais i bhfeidhm.

Cuid 3: Moladh le haghaidh Samhail Nua Mhaoinithe

Faoi réir chinneadh an CATT i mí na Nollag 2009, tá samhail nua mhaoinithe molta ag Foras na Gaeilge, lena mbaineann athrú ón staid reatha, mar a bhfuil 19 Eagraíochtaí den Tríú hEarnáil (ETE) 'bunmhaoinithe', i dtreo cur chuige níos oscailte agus níos téamaí, mar a bhfuil aon ETE Gaeilge incháilithe le cur isteach ar mhaoiniú tionscadail atá curtha ar fáil trí thacar scoite ceannteideal ábhar a d'fhéadfadh athrú ó am go ham. Bunófar an tsamhail mhaoinithe ar phunann scéimeanna a fhógrófar go hoscailte d'earnáil iomlán na Gaeilge, seachas iad a bheith teoranta do na 19 n-eagraíocht bhunmhaoinithe a bhí ann. Ullmhóidh Foras na Gaeilge aon straitéis lárnach amháin i dtaca leis an tsamhail mhaoinithe.

Beidh an punnan scéimeanna i gcomhréir leis an straitéis agus beidh próiseas bliantúil athbhreithnithe ann bunaithe ar bhaint amach na dtorthaí molta agus ar aighneachtaí a iarrfaidh Foras na Gaeilge ó earnáil na Gaeilge agus ón bpobal i gcoitinne. Táthar ag brath go ndéanfar bunmhaoiniú a athchumrú ar bhonn na dtosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Abhcóideacht agus taighde (lena n-áirítear ionadaíocht, scaipeadh eolais, soláthar acmhainní agus tacaíochta don earnáil ina hiomláine).
- Oideachas.
- Cumasú pobail.
- Tacaíocht do theaghlaigh.
- An ógra.
- Na healaíona.
- Raidió Pobail

Eagraíochtaí uile-oileánda

Cuirfidh Eagraíochtaí den Tríú hEarnáil na tosaíochtaí straitéiseacha seo i gcrích ar bhonn uile-oileánda le ról uileghabhálach chun an cleachtas is fearr a dheimhniú ina réimse saineolais faoi leith. Go hidéalach, beidh aon eagraíocht amháin nó líon teoranta eagraíochtaí, más gá, ann ag soláthar gach tosaíocht straitéiseach.

Cé go mbeidh na heagraíochtaí ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda, táthar ag beartú go mbeidh foireann ag eagraíochtaí sa dá dhlínse más gá chun soláthar seirbhíse níos fearr a chinntiú ar an talamh. Ba chóir go mbeadh sé mar thoradh ar an athbhreithniú go mbeidh eagraíochtaí go fóill lonnaithe in áiteanna éagsúla, ar a bhféadfaí go n-áireofaí Baile Átha Cliath, Béal Feirste agus an Ghaeltacht.

Táthar ag brath go mbunóidh Foras na Gaeilge scéim iomaíoch maoinithe chun gach ceann de na seacht dtosaíocht straitéiseacha a chur i gcrích, le maoiniú tugtha don iarrthóir is fearr a chomhlíonann critéir gach scéime. Gheobhaidh an eagraíocht a roghnófar chun gach tosaíocht straitéiseach a chur i gcrích maoiniú ó Fhoras na Gaeilge ar bhonn 3 bliana, le maoiniú ar gach bliain ina dhiaidh sin ag brath ar chur i gcrích sásúil na dtáscairí dul chun cinn sa bhliain roimhe sin. Meastar gurb é samhail an mhaoinithe iomaíche an cur chuige is cothromasaí.

Seisiúin Eolais

Tionólfar seisiúin eolais ar na Scéimeanna atá á n-ullmhú le freastal ar na tosaíochtaí straitéiseacha a luadh roimhe seo.

Eagrófar an chéad sheisiún **30 Márta 2011** le plé le:

- Comhthéacs na hoibre go ginearálta
- Abhcóideacht agus taighde
- Raidió Pobail *agus*
- Na hEalaíona

Eagrófar seisiúin eile luath in **Aibreán 2011** le plé le:

- Oideachas
- Cumasú pobail
- Tacaíocht do theaghlaigh
- An Óige

Ag na seisiúin eolais seo tá sé beartaithe go mbeidh na heagraíochtaí atá ag fáil bunmhaoiniú faoi láthair ann, chomh maith le heagrais eile agus baill den phobal ar spéis leo an próiseas seo. Tionólfar na seisiúin eolais seo i gceanncheathrú Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus is é an leagan amach atá bearthaithe a bheith orthu ná cur i láthair ginearálta ar gach Scéim ag áireamh na ngnéithe seo a leanas: réamhra ginearálta; cur síos ar an soláthar reatha agus; cur síos ar fhís Fhoras na Gaeilge i leith na tosaíochta straitéisí áirithe seo. Ansin táthar ag súil go bhféadfar moltaí feabhais a thabhairt bunaithe ar an taithí agus ar an saineolas atá sa Tríú hEarnáil agus i measc an phobail i gcoitinne.

Ceistneoir

Intreoir

Tá moltaí ullmhaithe ag Foras na Gaeilge i gcomhair Samhail Nua Mhaoinithe agus chuirfeadh siad fáilte roimh do thuairimí orthu seo. Tá an tSamhail seo san fhearann phoiblí ó bhí Bealtaine 2010 ann. Tá roinnt ceisteanna réamhshocraithe san áireamh duit le breithniú.

Formáid an Fhreagra

Tagraíonn gach ceist do ghné áirithe de na moltaí agus ina dhiaidh sin tá dhá cheist eile ann.

- Ag an gcéad cheist beidh ar an bhfreagraí **AONTAÍM, NÍ AONTAÍM** leis an moladh, **nó AON TUAIRIM LÁIDIR** a fhreagairt.
- Ag an dara ceist beidh deis ag an bhfreagraí moltaí a thabhairt ar an ngné sin den chomhairliúchán.

Is féidir faisnéis bhreise i dtaobh gach gné den mholadh a cheangal de chúl an cheistneora ar leathanaigh A4 agus caithfear a léiriú go soiléir cad é an ghné den chomhairliúchán a dtagraíonn siad di.

Tréimhse an Chomhairliúcháin

Moltar go mbeidh an tSamhail Nua Mhaoinithe i bhfeidhm ó 2012 agus 10 seachtain is ea an tréimhse chomhairliúcháin. Is é an dáta deiridh le freagairtí a fháil ná **4.00pm ar 14 Meitheamh 2011**. **Má iarrtar orainn é déanfaimid machnamh ar an bhféidearthacht tréimhse níos faide chomhairliúcháin a cheadú.**

Is cóir aon iarratais ar shíneadh a chur leis an tréimhse chomhairliúcháin a chur i scríbhinn chuig an gComhordaitheoir Freagairtí, ag lua go soiléir cad chuige a bhfuil an síneadh de dhíth.

MOLADH 1.

Tá Foras na Gaeilge ag moladh bogadh ó chur chuige bunmhaoinithe (ina bhfaigheann 19 n-eagraíocht maoiniú) i dtreo cur chuige níos téamaí mar a bhfuil aon Eagraíocht Ghaeilge den Tríú hEarnáil incháilithe le cur isteach ar mhaoiniú tionscadail, a chuirtear ar fáil trí thacar scoite ceannteideal a d'fhéadfadh athrú o bhliain go bliain.

CEIST 1. An aontaíonn tú leis moladh seo?
Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra cuí, le do thoil.

1. Aontaím
2. Ní aontaím
3. Aon tuairim láidir

CEIST 2. An bhfuil aon mholtaí agat maidir leis an moladh seo?

MOLADH 2.

Táthar ag brath go ndéanfar bunmhaoiniú a athchumrú ar bhonn na dtosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

Abhcóideacht agus taighde *(lena n-áirítear ionadaíocht, scaipeadh eolais, soláthar acmhainní agus tacaíochta don earnáil ina hiomláine).*
Oideachas.
Cumasú pobail.
Tacaíocht do theaghlaigh.
An óige.
Na healaíona.
Raidió pobail.

CEIST 3. An aontaíonn tú leis na tosaíochtaí straitéiseacha a ndéantar breac-chuntas orthu thuas?
Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra cuí, le do thoil

1. Aontaím
2. Ní aontaím
3. Aon tuairim láidir

CEIST 4. An bhfuil aon mholtaí feabhais agat maidir leis an moladh seo thuas?

MOLADH 3.

Beidh na tosaíochtaí straitéiseacha seo curtha i gcrích ag eagraíochtaí atá ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda le ról uileghabhálach chun an cleachtas is fearr a dheimhniú ina réimse saineolais faoi leith. Go hidéalach, beidh aon eagraíocht amháin nó líon teoranta eagraíochtaí, más gá, ann ag soláthar gach tosaíocht straitéiseach.

CEIST 5. An aontaíonn tú leis an ngné seo den mholadh?
Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra cuí, le do thoil

1. Aontaím
2. Ní aontaím
3. Aon tuairim láidir

CEIST 6. An bhfuil aon mholtaí feabhais agat faoin ngné seo den mholadh?

MOLADH 4.

Táthar ag brath go mbunóidh Foras na Gaeilge scéim iomaíoch maoinithe chun gach ceann de na seacht dtosaíocht straitéiseacha a chur i gcrích, le maoiniú tugtha don iarrthóir is fearr a chomhlíonann critéir gach scéime. Gheobhaidh an eagraíocht (nó na heagraíochtaí) a roghnófar chun gach tosaíocht straitéiseach a chur i gcrích maoiniú ó Fhoras na Gaeilge ar bhonn 3 bliana, le maoiniú ar gach bliain as a chéile ag brath ar chur i gcrích sásúil na dtáscairí dul chun cinn sa bhliain roimhe sin. Meastar gurb é samhail an mhaoinithe iomaíche an cur chuige is cothromasaí.

CEIST 7. An aontaíonn tú leis an ngné seo den mholadh?
Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra cuí, le do thoil

1. Aontaím
2. Ní aontaím
3. Aon tuairim láidir

CEIST 8 An bhfuil aon mholtaí agat faoin ngné seo den mholadh?

Is féidir aon mholtaí eile a chur isteach ar na leathanaigh seo a leanas: